# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1994 ÓN gCOMHAIRLE

**an 17 Deireadh Fómhair 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhochoiste um Thásca Geografacha arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinnidh (AE) 2018/104 ([2]) ón gComhairle, cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 1 Meitheamh 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

(2) De bhun Airteagal 240(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Fochoiste um Thásca Geografacha ("an Fochoiste") a rialacha nós imeachta féin a chinneadh.

(3) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhochoiste a bhunú a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta, ós rud é go mbeidh na rialacha sin ina gceangal ar an Aontas.

(4) Chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Fhochoiste a ghlacadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais san Fhochoiste a bheith bunaithe ar dréachtchinneadh ón bhFochoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir le seasamh an Aontais san Fhochoiste um Thásca Geografacha a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón bhFochoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

---

([1]) IO L 23, 26.1.2018, lch. 4.

([2]) Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Chuimsithigh Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 1).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES